2025/2065

10.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2065 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí ESACC-AE a mhéid a bhaineann le Treoirlínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile [1] ('Comhaontú Shamó', dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), síníodh é an 15 Samhain 2023, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/2861 ón gComhairle [2], agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2024 i leith.

(2) De bhun Airteagal 88(4) den Chomhaontú, is féidir le Comhairle Airí ESACC-AE treoirlínte beartais a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha is gá chun forálacha an Chomhaontaithe a chur chun feidhme.

(3) Tá Comhairle Airí ESACC-AE le treoirlínte comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chomhaontú ('na Treoirlínte Comhpháirteacha').

(4) Is é is aidhm do na Treoirlínte Comhpháirteacha treoraíocht oibríochtúil ghinearálta a sholáthar le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 3 den Chomhaontú, agus an tsolúbthacht a bhfuil gá léi á coinneáil chun a áirithiú go mbeidh cur chuige saincheaptha ann i leith na gcomhthéacsanna éagsúla agus na leibhéal éagsúil idirphlé.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Airí ESACC-AE a mhéid a bhaineann le glacadh na dTreoirlínte Comhpháirteacha a bhunú ós rud é go mbeidh na Treoirlínte sin ina gceangal ar an Aontas.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhairle Airí ESACC-AE a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Airí ESACC-AE a mhéid a bhaineann le Treoirlínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('Comhaontú Shamó'), beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Airí ESACC-AE moncheartúcháin theicniúla ar an Dréachtchinneadh a chomhaontú, tar éis dóibh dul i gcomhairle le comhlacht ullmhúcháin freagrach na Comhairle, gan cinneadh eile ón gComhairle.

[1] IO L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2023/2861 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L, 2023/2861, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2861/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BØDSKOV